Tuarascáil Bhliantúil 2014

Tuarascáil Bhliantúil - 16/02/2015

Réamhrá

Tá lúcháir orm ár dTuarascáil Bhliantúil 2014 a chur faoi do bhráid.

Bliain thar a bheith táirgthe a bhí sa bhliain seo don Ombudsman Eorpach mar a thosaíomar lenár straitéis nua, I dTreo na Bliana 2019 , a chur i bhfeidhm agus díriú níos fearr ar shaincheisteanna straitéiseacha maidir le riarachán poiblí AE, rud a théann i gcion ar na milliúin Eorpach.

Trí thrédhearcacht na hoifige a fheabhsú agus méadú a chur ar a tábhacht, tá rún againn tionchar dearfach níos fearr a bhaint amach ar thrédhearcacht agus chuntasaíocht institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar mhaithe le gach saoránach agus cónaitheoir an Aontais Eorpaigh.

In 2014, bhíomar páirteach sna príomhdhíospóireachtaí ag leibhéal AE, trí úsáid níos fearr a bhaint as ár gcumas le himscrúduithe straitéiseacha féintionscnaimh a dhéanamh. Bhí torthaí maithe againn inár n-imscrúdú i dtrédhearcacht na n-idirbheartaíochtaí ag Comhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach (TTIP). Bhí an tOmbudsman páirteach sa chomhiarracht i dtreo méadú a chur ar thrédhearcacht na brústocaireachta in AE. Rinneamar roinnt imscrúduithe ar an gceist fhorleathan seo, lena n-áirítear comhdhéanamh agus trédhearcacht shainghrúpaí an Choimisiúin Eorpaigh agus an feiniméan “doras imrothlach”.

Leanamar freisin le líon suntasach gearán ó dhaoine aonair, ó chomhlachtaí eagraíochtaí sochaí sibhialta, ó ghnóthais agus páirtí leasmhara eile a réiteach agus chuidíomar le cuid mhór eile chun réitigh a fháil ar a gcuid deacrachtaí.

Ag deireadh na bliana, bhí sé d’onóir agam gur thogh an Pharlaimint Eorpach athuair gan iomaíocht mé agus le tacaíocht thar na príomhghrúpaí polaitíochta uile. Geallaim athuair bheith ag obair go neamhspleách agus go bríomhar thar ceann shaoránach AE agus cuidiú le hinstitiúidí AE ina bhfeachtas leis an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chónaitheoirí na hEorpa.

#EPhoto : Emily O'Reilly was today re-elected by the @Europarl_EN as @EUombudsman #EPlenary http://t.co/MOyyRxk6oT pic.twitter.com/0nvHFY6NZ5
— EU Parliament Photo (@Europarl_Photo) December 16, 2014 Thogh Parlaimint na hEorpa Emily O'Reilly athuair inniu ina an Ombudsman Eorpach.

Toghadh Emily O'Reilly athuair ar 16 Nollaig 2014. http://europa.eu/!kJ79yn

Congratulations to Emily O'Reilly for @EUOmbudsman re-election by @Europarl_EN ! Big majority is testament to her commendable work done
— EP President (@EP_President) December 16, 2014 Thogh Parlaimint na hEorpa Emily O'Reilly athuair inniu ina an Ombudsman Eorpach.

Leanfaidh mé leis an ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa, leis na hombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha, agus leis an ngrúpa ombudsman ar fad.

Go mbaine tú taitneamh as mo dhara Thuarascáil Bhliantúil.

Strasbourg, an 16 Feabhra 2015

Emily O'Reilly

Caibidil 1 - Sracfhéachaint ar 2014

Ba bhliain eachtrach í 2014 don institiúid ombudsman, mar a chuir an tOmbudsman tús lena straitéis nua chun tionchar, sofheictheacht agus ábharthacht níos mó a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas cuid de bhuaicphointí na bliana:

Eanáir

Comhairliúcháin Poiblí ar Thionscnamh ó na Saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh

Feabhra

Imeacht "Beyond the crisis? Business in Europe 2014"

Márta

Imeacht "Do mhianliosta don Eoraip"

Aibreán

Trédhearcacht i Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla Nua AE

Bealtaine

Cearta bunúsacha i mbeartas comhtháthaithe AE

Meitheamh

Seimineár de Líonra Eorpach na nOmbudsman

Iúil

Rialacha sceithireachta in Institiúidí AE

Lúnasa

Trédhearcacht TTIP

Meán Fómhair

“Doirse imrothlacha” sa Choimisiún

Deireadh Fómhair

Cearta daonna agus fillteacha ar ais éigeantacha Frontex

Samhain

Scaoileadh ‘Litir Éireannach ECB’

Nollaig

Atoghadh an tOmbudsman

Caibidil 2 - Príomhthopaicí

Nuair a ghlac Emily O’Reilly an post mar an tOmbudsman Eorpach i nDeireadh Fómhair 2013, d’fhógair sí go mbainfeadh sí úsáid as a cumas féintionscnaimh le himscrúdú níos éifeachtaí a dhéanamh ar fhadhbanna sistéamacha i riarachán AE. Is mian leis an Ombudsman a áirithiú go n éireoidh obair na hoifige aici níos ábhartha d’ábhar cúraim ollmhóra a bhíonn ag gnáthshaoránaigh agus gnáthchónaitheoirí Eorpacha. Chuige sin, cheap sí Comhordaitheoir Imscrúduithe Féintionscnaimh le himscrúduithe féintionscnaimh straitéiseacha a stiúradh, i gcomhar le comhghleacaithe, le soláthar gasta éifeachtach a bhaint amach. D’oscail an tOmbudsman ar a tionscnamh féin cuid mhór de na cásanna a úsáidtear mar shamplaí sa chuid seo.

2.1. Trédhearcacht

Tá gearáin a bhaineann le heaspa trédhearcachta laistigh d'institiúidí AE ar bharr liosta na ngearán chuig an Ombudsman Eorpach fós. Le roinnt blianta anuas, bhain 20% go 30% de na gearáin a ndéanann oifig an Ombudsman imscrúdú orthu le trédhearcacht. Ba iad na saincheisteanna trédhearcachta ba choitianta iad diúltú na n-institiúidí rochtain a thabhairt ar dhoiciméid agus/nó ar fhaisnéis. Ráthaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an ceart ag saoránaigh maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

D'oscail an tOmbudsman roinnt imscrúduithe in 2014 maidir le diúltú institiúidí rochtain ar phríomhdhoiciméid AE, agus bhí torthaí dearfacha ann leo. Már thoradh air sin, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach doiciméid ar dhul isteach don Ghréig i Limistéar an Euro, nocht an Banc Ceannais Eorpach (BCE) litir a sheol sé chuig rialtas na hÉireann i lár na géarchéime airgeadais, agus scaoil an Coimisiún cáipéisí inmheánacha maidir le Comhbheartas Iascaigh AE.

Bhain cás na Gréige, ar chuir iriseoir Gearmánach isteach é, le doiciméid maidir le tuairiscí comhshóite na Gréige agus cumarsáid idir seirbhísí an Choimisiúin, le húdaráis na Gréige, agus le húdaráis Ballstát eile AE.

@EUombudsman commends @EU_Commission for publishing 140 documents on Greece's 2001 entry into the Eurozone. #EU #rti http://t.co/ynTD4iVjTc
— AsktheEU (@AskTheEU) February 4, 2014 Molann an tOmbudsman an Coimisiún Eorpach as 140 cáipéis a fhoilsiú maidir le dul isteach na Gréige i Limistéar an Euro 2001.

Tar éis don Ombudsman idirghabháil a dhéanamh, d'aithin an Ardrúnaíocht 140 doiciméad agus scaoil gach ceann acu chuig an iriseoir. Mhol an tOmbudsman an gníomh sin , agus í ag cur in iúl go bhfuil sé ríthábhachtach go dtuigeann saoránaigh na hEorpa an dóigh a ndéantar cinnteoireacht a bhaineann lena saol, go háirithe in am na géarchéime.

I litir a scríobhadh chuig Aire Airgeadais na hÉireann in 2010, d'iarr Jean-Claude Trichet, Uachtarán BCE ag an am sin, ar Éirinn gníomhú go tapa lena cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Nuair a d'iarr iriseoir Éireannach ar BCE an litir a fheiceáil in 2011, dhiúltaigh siad í a nochtadh. D'áitigh BCE gur gá leis cobhsaíocht airgeadais na hÉireann a chosaint i gcomhthéacs brú suntasach an mhargaidh agus fíoréigeantachta.

@EUombudsman Emily O'Reilly welcomes release of #ECB letter."The letter should clearly have been released much earlier." #Trichetletter
— Suzanne Lynch (@suzannelynch1) November 6, 2014 Cuireann an tOmbudsman Eorpach

Emily O'Reilly fáilte roimh litir ón mBanc Ceannais Eorpach a scaoileadh. “Is léir gur cheart an litir a fhoilsiú i bhfad níos luaithe.”

Bhain an tOmbudsman de thátal as go raibh an ceart ag BCE gan an litir a nochtadh in 2011, nuair a d’iarr an t-iriseoir í a fheiceáil. Bhí AE i lár géarchéime airgeadais ag an am. Ach bhí breis agus 3 bliana caite, áfach, ón am ar sheol an Banc an litir. Faoi dheireadh, chloígh BCE le moladh an Ombudsman leis an litir a nochtadh. Chuir an tOmbudsman béim ar an bhfíric gur d’fhulaing muintir na hÉireann an-chuid cruatain le linn na géarchéime airgeadais, agus go raibh an ceart ag saoránaigh an fhirinne a fháil, is cuma cé chomh searbh agus atá sí. Leanann sí lena hobair le BCE chun a chuid beartas agus cleachtas a fheabhsú i réimsí trédhearcachta agus eitice.

Cás an Ombudsman Eorpaigh maidir le litir Éireannach de chuid ECB 2014. . http://europa.eu/!Qx88Yk

I gcás eile a bhain le trédhearcacht, rinne taighdeoir Gearmánach gearán chuig an Ombudsman i ndiaidh don Choimisiún rochtain iomlán a dhiúltú dó ar thogra le haghaidh rialachán nua um an gComhbheartas Iascaigh. D’áitigh an Coimisiún go ndéanfadh nochtadh iomlán dochar dá phróiseas cinnteoireachta.

. @EUombudsman : @EU_Commission releases internal documents on Common Fisheries Policy: http://t.co/TCEHUHNeve #EurMove
— European Movement (@EMInternational) May 28, 2014 An tOmbudsman Eorpach: Scaoileann an Coimisiún Eorpach doiciméid inmheánacha faoin gComhbheartas Iascaigh.

Faoi dheireadh, lean an Coimisiún moladh an Ombudsman leis na doiciméid a scaoileadh, ach é sin i ndiaidh chomhaontú ar leasú an Bheartais a bhaint amach. Chuir an tOmbudsman fáilte roimh an toradh sin ach ag léiriú go soiléir freisin go mbeidh sí ag súil leis go dtabharfaidh an Coimisiún rochtain láithreach ar dhoiciméid chomhchosúla sa todhchaí.

2.2. Trédhearcacht sa bhrústocaireacht

Gan mhoill, beidh an Bhruiséil ina dara mholl brústocaireachta is tábhachtaí ar domhan, i ndiaidh Washington. Níl iontas ar bith ann, mar sin, go bhfuil méadú in obair an Ombudsman in 2014 atá dírithe ar thrédhearcacht i ngníomhaíochtaí brústocaireachta.

Sa chomhthéacs sin, d’oscail an tOmbudsman trí imscrúdú straitéiseacha ar a tionscnamh féin, dhá cheann acu a bhain le hidirbheartaíochtaí leanúnacha ar Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Trasatlantach (TTIP). Tá an Coimisiún Eorpach ag déanamh idirbheartaíochta ar an gcomhaontú thar cheann an Aontais, ar shainordú a dheonaigh Comhairle na hEorpa . Má chuirtear i gcrích iad, cruthóidh comhaontú AE-SAM an limistéar

saorthrádála is mó riamh. Cruthófar le TTIP rialacha agus caighdeáin i réimsí amhail sábháilteacht bia, gluaisteáin, ceimiceáin, fuinneamh, an comhshaol, agus an láithreán oibre.

In Iúil, chuir an tOmbudsman tús le himscrúdú ar dhiúltú Chomhairle AE treoracha a scaoileadh, treoracha atá á n-úsáid ag AE leis an TTIP a idirbheartú. Chuir sí tús le fiosrúchán freisin ar na céimeanna atá á nglacadh ag an gCoimisiún le comhpháirtíocht thrédhearcach agus phoiblí a áirithiú in idirbheartaíochtaí TTIP. Tráth níos luaithe, chuir an tOmbudsman bearta ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach a d'fhéadfadh sé a ghlacadh le rochtain thráthúil agus phoiblí ar dhoiciméid TTIP, agus ar shonraí faoi chruinnithe le páirtithe leasmhara, a chumasú. Bhí ábhair is cúram ann maidir le diúltú do dhoiciméid a nochtadh, le nochtadh neamhúdaraithe doiciméad, le moill, agus maidir le páirtithe leasmhaire áirithe ag fáil rochtain phribhléideach ar dhoiciméid TTIP de réir cosúlachta.

One step closer to transparency in #TTIP : @EUombudsman asks Council and Commission to publish more #TTIP documents http://t.co/QzzcX77bC2
— The Consumer Voice (@beuc) July 31, 2014 Céim amháin níos cóngaraí i dtreo trédhearcachta in TTIP: Iarrann an tOmbudsman Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún tuilleadh doiciméad de chuid TTIP a fhoilsiú.

@YiorgosVa @EUombudsman @foeeurope we agree that the mandate should be published, too. Thx to @EUombudsman to recognise our hitherto effort
— EU TTIP Team (@EU_TTIP_team) August 1, 2014 Aontaímid gur ceart an sainordú a fhoilsiú freisin. Buíochas leis an Ombudsman Eorpach as ár n-iarracht go dtí seo a aithint.

I nDeireadh Fómhair, d'fhoilsigh an Chomhairle na treoracha a bhí i gceist. Tamall gairid ina dhiaidh sin, d'fhógair an Coimisiún a chuid beartas le trédhearcacht a mhéadú i mbrústocaireacht, agus é ag gealladh go ndeonófar rochtain níos forleithne ar dhoiciméid eile TTIP. Chuir an tOmbudsman fáilte roimh na céimeanna sin agus d'fhógair moltaí ar an dóigh le trédhearcacht na n-idirbheartaíochtaí TTIP a fheabhsú tuilleadh.

Fiosrúchán an Ombudsman Eorpaigh ar a tionscnamh féin maidir le trédhearcacht méadaithe TTIP 2014. http://europa.eu/!dG46dP

Baineann an tríú imscrúdú le comhdhéanamh agus trédhearcacht céadta sainghrúpa , óna bhfuil an Coimisiún ag brath ar chomhairle le reachtaíocht agus beartas a dhréachtú, ina gclúdaítear réimsí ó chúrsaí cánach agus seirbhísí baincéireachta, go sábháilteacht ar bhóithre agus cógaisíocht. Rinne an tOmbudsman comhairliúchán poiblí ar dtús le cothromaíocht ionadaíochta na réimsí ábhartha saineolais agus spéise a shainaithint i ngrúpaí difriúla, an fadhb í ceapadh na gcomhaltaí "i gcumas pearsanta", agus an mbíonn na grúpaí ag obair leis an trédhearcacht is mó is féidir.

.TI_EU input published on @EUombudsman consultation on expert groups http://t.co/97OziV5zL0
— TI EU Office (@TI_EU) September 18, 2014 Ionchur Transparency International AE foilsithe ar chomhairliúchán maidir le sainghrúpaí de chuid an Ombudsman Eorpaigh.

Tá suim ar leith ann in Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta de chuid an Choimisiúin (DG AGRI). Tá 14 ghrúpa comhphlé sibhialta á mbunú aici le freastal mar chomhlachtaí comhairleacha don Chomhbheartas Talmhaíochta. Caitheann AE níos mó ná trian dá bhuiséad ar an réimse beartais ríthábhachtach seo. Tá an tOmbudsman ag fiosrú chomhdhéanamh na ngrúpaí sin, le hionadaíocht cothrománach a ráthú ar an réimse forleathan seo de ghrúpaí um leas eacnamaíoch agus neamheacnamaíoch.

Tá baint ag an Ombudsman freisin sa díospóireacht faoin gClár Trédhearcachta AE, a bunaíodh le go mbeadh cinnteoireacht níos trédhearcaí, agus le cur ar chumas na saoránach bheith ar an eolas maidir leo siúd a dhéanann iarrachtaí tionchar a imirt ar lucht déanta beartas AE. Tá an Pharlaimint agus an Coimisiún araon i mbun an Chláir. Féadfaidh cuideachtaí, comhairleachtaí gairmiúla, sainchomhairleoirí féinfhostaithe, comhlachais trádála, institiúidí acadúla, na heagraíochtaí neamhrialtasacha (ENR), eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar cheann pobal reiligiúnacha, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar cheann na n-údarás áitiúil, réigiúnach agus cathrach agus daoine eile a dhéanann brústocaireachta ar institiúidí AE, clárú go deonach. Tá breis agus 7 000 eagraíocht liostaithe sa Chlár.

Rinne an tOmbudsman Frans Timmermans, Céad Leas-Uachtarán an Choimisiúin a bhí freagrach as Rialáil Níos Fearr, Caidreamh Idirinstitiúideach, Riail an Dlí agus Cearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a mholadh as a chuid beartas le bheith ag obair i dtreo clár éigeantach. Chuir sí fáilte freisin roimh cinneadh an Choimisiúin an 1 Nollaig 2014, a éilíonn ar gach Comhalta an Choimisiúin agus ar fhoireann shinsear gach conradh agus cruinniú le páirtithe leasmhara agus le lucht brústocaireachta a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Choimisiúin. Is mian leis an Ombudsman, áfach, go mbeidh an Clár Trédhearcachta bunaithe sa dlí faoi dheireadh, gan fanacht mar chomhaontú idirinstitiúideach amháin. Rinne sí freisin an Chomhairle a ghríosú bheith páirteach sa Chlár , agus spreag an Coimisiún dreasachtaí i bhfad níos déine a thabhairt isteach le go gcláróidh an lucht brústocaireachta, i gcomhréir le cleachtas Parlaiminte.

2.3. Trédhearcacht i sonraí ó thrialacha cliniciúla

In 2014, bhí ról tábhachtach le himirt ag an Ombudsman i réimse trédhearcachta i sonraí ó thrialacha cliniciúla trí chuidiú leis an mbeartas forghníomhach trédhearcachta de chuid na

Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) a chruthú, rud ar ghlac sí leis i Meán Fómhair.

Le 5 bliana anuas, rinne an tOmbudsman breis agus dosaen fiosrúchán maidir le diúltú an EMA doiciméid a nochtadh maidir leis an dóigh a rialaíonn sí leigheasanna agus a n-údaraíonn a gcuid margaíochta, lena n-áirítear iad siúd a chóireálann scléaróis iolrach, aicne, ionfhabhtuithe baictéaracha, agus murtall. Mar fhreagairt ar idirghabháil an Ombudsman, ba chosúil go raibh EMA réidh le glacadh le cur chuige forghníomhach maidir le trédhearcacht, agus in 2012, d'fhógair sé beartas úrnua, ag tabhairt na rochtana is forleithne agus is féidir ar shonraí ó thrialacha cliniciúla.

Ach, in 2014 áfach, léirigh an tOmbudsman imní nuair ba chosúil go raibh an Ghníomhaireacht ag dul siar trí chur riachtanais dhiana rúndachta a bheartú, trí srian a chur ar rochtain ar amharc "scáileán amháin", agus srian forleathan a chur ar úsáid sonraí ó thrialacha cliniciúla. D'éirigh EMA as an mbeartas "scáileán amháin" sa deireadh. Mar sin, cé go raibh forchoimeádais aici, chuir an tOmbudsman fáilte roimh chinneadh na Gníomhaireachta i nDeireadh Fómhair 2014 le tuairiscí ar staidéir chliniciúla, atá mar bhonn agus mar thaca ag cinntí a dhéantar ar leigheasanna, a fhoilsiú ó Eanáir 2015. Leanfaidh an tOmbudsman le monatóireacht ar an dóigh a gcuireann EMA sonraí ó thrialacha cliniciúla ar fáil, agus lena chinntiú go gcomhlíonann sí na caighdeáin is airde trédhearcachta.

#AllTrials @EUombudsman asks European Medicines Agency to explain bizarre redactions in trial reports. Vital battle. http://t.co/KsAQrBknEx
— ben goldacre (@bengoldacre) November 12, 2014 Iarann an tOmbudsman ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpaí na hatheagruithe aisteacha i dtuairiscí ar thrialacha a mhíniú. Cath ríthábhachtach.

Chuir an tOmbudsman fáilte roimh Rialachán nua ón AE um Thrialacha Cliniciúla , ina n-éilítear faisnéis faoi thrialacha cliniciúla a chur ar fáil, agus inrochtana ar líne faoi dheireadh. Rinne sí comhghairdeachas leis an bParlaimint, go háirithe le Glenis Willmott, FPE (Feisire de Pharlaimint na hEorpa), agus leis na scáthrapóirtéirí, as an reachtaíocht a stiúradh go rathúil chun toradh dearfach a bhaint amach.

Thug an tOmbudsman a himeacht traidisiúnta "Lá Idirnáisiúnta um Cheart chun Faisnéise" do thrédhearcacht i sonraí ó thrialacha cliniciúla. Dár teideal: "Trédhearcacht agus sláinte phoiblí — cé chomh inrochtana agus atá sonraí eolaíocha?" Bhí an t-imeacht ar siúl an 29 Meán Fómhair ag Parlaimint na Bruiséile. Tugadh le chéile ionadaithe EMA, an Choimisiúin, na Parlaiminte, comhairleoireachtaí cúrsaí poiblí, gairmithe dlí, tionsclaíochta, ENR, iriseoirí, taighdeoirí agus gníomhaithe, ag mealladh timpeall ar 150 rannpháirtí ar an iomlán.

Imeacht an Ombudsman Eorpaigh 2014 "Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise". http://europa.eu/!gJ49cV

[View the story "Transparency & public health:how accessible is scientific data?" on Storify]
Trédhearcacht agus sláinte phoiblí: Cá chomh inrochtana agus atá sonraí eolaíocha? Déanann tacadóirí le rochtain ar fhaisnéis “Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise” a cheiliúradh ar fud an domhain. An bhliain seo, d’fhiosraigh an tOmbudsman Eorpach, Emily O’Reilly, an cheist ar cé chomh trédhearcacht agus atá sonraí eolaíocha ar leasa na n-othar, na ndochtúirí agus na dtaighdeoirí.

2.4. Cearta bunúsacha

I réimse oibleagáidí cearta bunúsacha riaracháin AE, d’oscail an tOmbudsman dhá príomhimscrúdú straitéiseacha ar a tionscnamh féin in 2014. Baineann ceann acu le cearta bunúsacha a chosaint i mbeartas comhtháthaithe AE. Bhunaigh an tAontas an beartas sin le fás agus poist a chruthú, le dul i ngleic le hathrú aeráide agus spleáchas ar fhuinneamh, agus le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a laghdú i réigiúnacha níos lú forbartha in AE. Tá an beartas á chómhaoiniú ag Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF), ar a ndéanann an Coimisiún agus na Ballstáit comhbhainistíocht. Is ionann an leithdháileadh ESIF 2014-20, atá níos mó ná EUR 350 billiún, agus níos mó ná trian de bhuiséad AE don tréimhse sin.

Ceaptar go bhfuil cuid de na cistí seo le cuidiú leis na daoine is leochailí sa tsochaí, ach cuireadh ceisteanna faoi mheas ar chearta bunúsacha i gcur chun feidhme an bheartais. Mar shampla, an mbaintear úsáid as airgeadas chun daoine faoi mhíchumas a choinneáil in institiúidí in ionad cuidiú leo comhtháthú sa tsochaí. San imscrúdú seo, d’fhiafraigh an tOmbudsman: conas a chuirtear an Cháirt i bhfeidhm i gcur chun feidhme an bheartais; an féidir leis an gCoimisiún smachtbhannaí a chur ar Bhallstáit a theipeann orthu i gcomhlíonadh na gceart bunúsach; agus an féidir leis an gCoimisiún maoiniú a chur ar fionraí nó maoiniú a ghnóthú i sárú na gceart sin? D’iarr an tOmbudsman ar a cuid comhghleacaithe i Líonra Eorpach na nOmbudsman agus ar chomhlachtaí eile um chosaint cearta a gcuid tuairimí a thabhairt ar an ábhar.

 Imscrúdú an Ombudsman Eorpaigh ar a tionscnamh féin maidir le meas ar chearta bunúsacha i mbeartas comhtháthaithe AE 2014. http://europa.eu/!WP86UQ

Excellent initiative by . @EUombudsman to investigate EU cohesion funds spend via a vis respect for fundamental rights http://t.co/dh5bTkojJr
— ERA Campaign (@eracampaign) May 22, 2014 Tionscnamh sármháith leis an Ombudsman Eorpaigh le caitheamh cistí comhtháthaithe an AE a imscrúdú vis-à-vis meas ar chearta bunúsacha.

Idir 2006 agus 2014, thug AE ar bheagnach 13 000 imirceach neamh-EU filleadh ar a dtír dúchais gan chead acu fanacht ar chríoch AE. Déanann an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex) comhoibríochtaí um fhilleadh ar ais (JROanna) a chomhordú agus a

mhaoiniú i gcomhoibriú le Ballstáit. In 2013, d'iarr an tOmbudsman ar an ngníomhaireacht meicníocht ghearán a bhunú maidir le sárú féidearthachta ar chearta bunúsacha a éireoidh as a cuid oibre.

Lean an tOmbudsman lena cuid oibre sa réimse tábhachtach seo in 2014 trí fhiosrúchán a dhéanamh ar an dóigh a gcinntíonn Frontex meas ar leas na dteifeach fillte le linn eitiltí , mar shampla iad siúd atá tinn nó anonn sa tréimhse toirchis. Is mian léi fáil amach freisin faoin dóigh ar féidir le monatóireacht neamhspleách a ráthú le linn eitiltí, agus an dóigh a gcuirtear Cód Iompair Frontex chun feidhme maidir leis na JROanna. De bhrí go mbíonn ombudsmain i measc na gcomhlachtaí náisiúnta monatóireachta a chomhoibríonn le Frontex sna JROanna, d'iarr an tOmbudsman faisnéis óna dtaithí orthu freisin.

2.5. Ceisteanna eiticiúla

In 2014, dhéileáil an tOmbudsman le líon suntasach gearán a bhain le saincheisteanna eiticiúla, amhail coinbhleacht leasa agus cleachtas na "ndoirse imrothlacha" in institiúidí AE. Úsáidtear an téarma "doirse imrothlacha" le cur síos a dhéanamh ar ghluaiseacht ó fhoireann na hearnála poiblí chuig poist an-ghaolmhara san earnáil phríobháideach, nó a mhalairt go cruinn.

Luaigh an tOmbudsman arís agus arís eile gur cheart do riarachán AE cloí le "caighdeáin óir" i dtaca le hiompar eiticiúil. Dá bhrí sin, rinne an tOmbudsman dhá imscrúdú straitéiseacha.

Baineann an chéad cheann leis an dóigh a láimhseálann an Coimisiún cásanna "dorais imrothlaigh". Rinne an tOmbudsman imscrúdú ar ghearáin ó chúigear ENRanna agus scrúdaigh 54 comhad "dorais imrothlaigh" de chuid an Choimisiúin. Fuair sí roinnt easnamh. Ní raibh sé i gcónaí soiléir cibé acu ar thug nó nár thug oifigigh a bhí ag dul as oifig go leor sonraí don Choimisiún go ndéanfadh sé cinntí mar is ceart, nó ar an dóigh ar thug an Coimisiún tráchtanna óna chuid seirbhísí i gcuntas. Go háirithe, mhol an tOmbudsman don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a láimhseálann sé cásanna "dorais imrothlaigh" chun coinbhleacht leasa agus laghdú muinín an phobail a sheachaint. D'iarr sí ar an gCoimisiún freisin cásanna "dorais imrothlaigh" d'oifigí sinsearacha AE a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.

NGOs welcome @EUombudsman ruling: #EU Commission should introduce #transparency about senior #revolvingdoors cases http://t.co/GyWLqaK4nD
— CEO (@corporateeurope) September 23, 2014 Cuireann Eagraíochtaí Neamhrialtasacha fáilte roimh rialú an Ombudsman Eorpaigh: Ba cheart don Choimisiún Eorpach trédhearcacht maidir le cásanna "dorais imrothlaigh" sinsir a thabhairt isteach.

Chuir an tOmbudsman ceisteanna ar naoi n-institiúid AE, an Coimisiún, an Pharlaimint agus an Chomhairle ina measc, faoina gcuid rialacha maidir le sceithirí a chosaint. Ag an am sin, ní

raibh treoirlínte acu maidir le sceithireacht, seachas ag an gCoimisiún, ach ní raibh rialacha inmheánacha ann. Ó Eanáir 2014 amach, éilítear i Rialacháin Foirne ar institiúidí AE rialacha inmheánacha maidir le sceithireacht a thabhairt isteach. Is mian leis an Ombudsman fáil amach a mhéid a chuaigh na hinstitiúidí i gcomhairle leis an bhfoireann agus leis an bpobal maidir leis na rialacha sin, agus cén dóigh a ndéanann siad sceithirí a chosaint amhail conraitheoirí nó fochonraitheoirí i gcláir agus i dtionscadail arna gcistiú ag AE. Agus í ag léiriú eiseamláire, dhréachtaigh an tOmbudsman rialacha maidir le sceithireacht inmheánach in éineacht le coiste foirne na hoifige agus an oifigeach cosanta sonraí. D'fhoilsigh sí iad, agus d'iarr sí ar pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt.

"Whistleblowers play a key role in uncovering serious irregularities," @EUombudsman says: http://t.co/t9VRXOOjK2 - #corruption #fraud #EU
— EurActiv (@EurActiv) July 29, 2014 "Tá ról tábhachtach le himirt ag sceithirí maidir le neamhrialtachtaí tromchúiseacha a nochtadh" a deir an tOmbudsman Eorpach.

2.6. Rannpháirtíocht saoránach i gcinnteoireacht an Aontais Eorpaigh

Bhí méadú i líon na ngearán faighte ag an Ombudsman i dtaobh cearta na saoránach, go háirithe an ceart le bheith páirteach i bpróiseas cinnteoireachta AE. Áirítear leis sin sainchomhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin, agus Tionscnamh ó na Saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh (ECI). Is féidir le milliún saoránach iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht AE a chur ar bun tríd an ECI. Ina theannta sin, éilítear i gConradh Liospóin go gcothaíonn na hinstitiúidí "idirphlé oscailte agus rialta leis an tsochaí shibhialta".

Thosaigh feidhmiú ECI in 2012, agus cuireadh an chéad tionscnamh, ar a dtugadh Right2Water, faoi bhráid an Choimisiúin in 2013. Moladh reachtaíocht nua AE sa tionscnamh lena n-éilíodh ar údaráis náisiúnta dóthain uisce glan agus córas séarachais a chur ar fáil dá gcuid saoránach.

D'iarr an tOmbudsman, in 2014, ar eagraithe ECI, ar eagraíochtaí sochaí sibhialta, agus ar dhaoine leasmhara eile aiseolas a thabhairt ar an ECI. Is mian leis an Ombudsman éifeachtacht bogearraí an Choimisiúin a thomhas maidir le sínithe a bhailiú ar líne lena chinneadh an leor iad na teagmhálaithe idir eagraithe ECI agus údaráis náisiúnta, agus an gcuireann an próiseas cúraimí príobháideachta san áireamh. D'iarr an tOmbudsman smaointe freisin le haghaidh athruithe féideartha ar Rialúchán ECI sa todhchaí.

great initiative from @EUombudsman , opening an inquiry into the functioning of the #ECI procedure & @EU_Commission 's role/responsibility
— Philippe Wagner (@eu_pwagner) January 13, 2014 Tionscnamh iontach ón Ombudsman

Eorpach, ag oscailt fiosrúcháin maidir le feidhmiú nós imeachta an Tionscnaimh ó na Saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh agus ról/freagracht ag an gCoimisiún Eorpach ann.

Strong words on the future of #ECI from @EUombudsman : http://t.co/uAFuqwRkGN — ECI Campaign (@ECInow) December 17, 2014 Focail chumhachta ón Ombudsman Eorpach ar thodhchaí an Tionscnaimh ó na Saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh.

I Márta, roimh thoghcháin na Parlaiminte, thug an tOmbudsman cuireadh do shaoránaigh ar an imeacht idirghníomhach “Do mhianliosta don Eoraip” Tháinig Martin Schulz, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, agus José Manuel Barroso, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an tráth sin, léi le héisteacht leis na saoránaigh agus le teagmháil a dhéanamh leo. Mar dhuine faire AE a toghadh le dea-riarachán san Eoraip a áirithiú, is mian leis an Ombudsman cinntiú go gcomhlíonann an Eoraip an maíomh le saoránaigh a chur ag croílár na cinnteoireachta.

D’fhreastail breis agus 300 duine ar an imeacht, agus rinneadh sruthú beo ar an ngréasán air. Chuir rannpháirtithe ceisteanna agus moltaí ar an bpainéal, idir go díreach nó go hindíreach nó le tvuíteáil, agus cuireadh “mianliosta don Eoraip” le chéile astu.

Imeacht an Ombudsman Eorpaigh 2014 “Do mhianliosta don Eoraip”. http://europa.eu/!FD96Cu

2.7. Cláir agus tionscadail a fuair maoiniú ón Aontas Eorpach

Gach bliain, faigheann an tOmbudsman líon mór gearán ó chuideachtaí, ENR, ollscoileanna, bardais, agus eintitis dhlíthiúla eile atá páirteach i dtionscadail agus cláir le maoiniú AE. Baineann formhór na ngearán seo le híocaíocht dhéanach, díospóidí conarthacha, fadhbanna le glaonna chun tairisceana, agus easpa trédhearcachta, de bharr diúltú institiúidí AE rochtain a thabhairt ar dhoiciméid nó ar fhaisnéis den chuid is mó.

Cháin an tOmbudsman, mar shampla, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) as tacú le cuideachta Iodálach a eisiamh ó thairiscint phoiblí maidir le droichead a thógáil thar Abhainn Sava sa Bhoisnia-Heirseagaivéin. Tá an tógáil mar chuid de thionscadal mótarbhealaigh níos mó a nascann an Chróit leis an mBoisnia-Heirseagaivéin. In ainneoin na tairisceana is lú a chur isteach, d’eisiaigh tionscnóir áitiúil an tionscadail an chuideachta ar bhonn nách raibh an tairiscint comhoiriúnach le sonraíochtaí na tairisceana.

[Preaseisiúint] Cháin an tOmbudsman Eorpach, Emily O'Reilly, an **Banc Eorpach Infheistíochta (EIB))** as tacú le cuideachta Iodálach a eisiamh ó thairiscint phoiblí maidir le droichead a thógáil thar Abhainn Sava sa Bhoisnia-Heirseagaivéin. Bhunaigh an EIB, atá ag maoiniú an tionscadail, an cinneadh ar earráid dlí agus thug neamhaird ar thorthaí a mheicníochta gearáin féin go raibh eisiamh na cuideachta mídhleathach.

Rinne an chuideachta agóid i gcoinne an chinnidh seo os comhair meicníocht ghearán BEI, agus d'aontaigh sí le hargóintí na cuideachta, agus mhol go mbainfidh BEI tacaíocht ón tionscadal. Thug bainistíocht an Bhainc neamhaird ar thorthaí a mheicníochta gearáin, áfach. Chinn an tOmbudsman gur bhunaigh bainistíocht BEI a chinneadh ar léiriú mícheart ar na doiciméid tairisceana. Cháin sí an Banc as an míriarachán sin , agus í ag tabhairt rabhaidh go dtabharfaidh an cás tiomantas AE faoi cheist maidir le rialach dlí a neartú sa Bhoisnia-Heirseagaivéin.

I gcás eile, fuair cuideachta Iodálach deontas EUR 4 mhilliún ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht (EACI) le ceirmeacht a iompar ón Iodáil chun na Spáinne, i modh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol ná ar an mbóthar. De dheasca na géarchéime airgeadais domhanda agus an laghdú tobann i margadh tithíochta na Spáinne, áfach, thit an t-éileamh ar cheirmeacht Iodálacha go suntasach. D'iarr an chuideachta an tionscadal a chur ar fionraí, agus ghlac an EACI leis. De bhrí go raibh moill ag an gcuideachta ina hiarraidh dheireanach íocaíochta, dhiúltaigh an Ghníomhaireacht don íocaíocht ar dtús. Tar éis don Ombudsman idirghabháil a dhéanamh, agus a chuid torthaí ag leagan béime ar an dóigh ar imir an ghéarchéim airgeadais tionchar ar thionscadal an ghearánaigh, rinne an Ghníomhaireacht EUR 2 mhilliún a íoc leis an gcuideachta faoi dheireadh.

I rith na bliana, chuidigh an tOmbudsman le díospóireacht a réiteach idir eagraíocht charthanúil na Breataine agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA). Chuir an carthanas tionscadal chun feidhme ar thug EACEA cómhaoiniú dó, i gcomhthéacs Clár na hÓige i mBun Gníomhaíochta. Dhiúltaigh an Ghníomhaireacht tuairisc deiridh an charthanais a fhaomhadh, ag éileamh nár ionann na torthaí agus an tionscadal tosaigh, agus lean sí ar aghaidh le híocaíochtaí réamh-mhaoinithe, beagnach EUR 74 000 san iomlán, a aisghabháil. Rinne an carthanas gearán chuig an Ombudsman go raibh sé mídhleathach agus éagórach do EACEA na cistí a aisghabháil. Bhain an tOmbudsman de thátal as go raibh sé mídhleathach leoga mar níor dhícheadaigh an Ghníomhaireacht an tionscadal in am. Ghlac an Ghníomhaireacht le moltaí an Ombudsman faoi dheireadh agus gheall timpeall EUR 50 000 a íoc leis an ngearánaí, agus ús ar riaráistí leis.

Téann an tOmbudsman i gcomhairle leis an gcomhphobal gnó maidir le deacrachtaí a bhíonn acu ina gcuid plé le hinstitiúidí AE. Rinneadh plé ar chomhairliúcháin amháin acu, dár teideal: *Beyond the crisis?* Business in Europe , ar a bhfuil á dhéanamh ag leibhéal AE le cuidiú le gnóthais bheaga, mheánmhéide agus mhóra. Bhí an t-imeacht ar siúl i bhFeabhra ag an bParlaimint sa Bhruiséil, agus tugadh saineolaithe ardchaighdeáin le chéile, ag mealladh timpeall ar 100 rannpháirtí ar an iomlán. Léirítear sa bhróisiúr a fuair na rannpháirtithe *An tOmbudsman Eorpach — Maith don ghnó* , cur síos gairid ar roinnt cásanna a láimhseáil an

tOmbudsman, agus le torthaí dearfacha iontu.

Imeacht an Ombudsman Eorpaigh 2014 “Beyond the crisis? Business in Europe”. http://europa.eu/!Dx34BK

2.8. Beartas iomaíochais an Aontais Eorpaigh

In 2014, phléigh an tOmbudsman le gearáin ó chuideachtaí agus eintitis dhlíthiúla eile a bhain le himscrúduithe in aghaidh trustaí agus le cásanna eile a bhain le beartas iomaíochais an Choimisiúin.

Rinne an chuideachta Ghearmánach Infineon gearán amháin dá leithéid. Bhí an Coimisiún á fiosrú san fhiosrúchán cairtéil “sliseanna cárta cliste”, in éineacht le Philips , Samsung , agus Renesas , agus gearradh fíneáil orthu faoi dheireadh as bheith sa chairtéal. Bhí cóip leictreonach ag an gCoimisiún de ríomhphost inmheánach iomaitheora a d’éiligh sé mar fhianaise ríthábhachtach i gcás Infineon. D’iarr an chuideachta an doiciméad a fheiceáil, mar go raibh sí in amhras faoina údaracht. Níor scaoil an Coimisiún an ríomhphost go dtí go raibh sé díreach níos mó ná mí roimh fhíneáil a ghearradh ar an gcairtéal, cé go raibh an ríomhphost aige ar feadh sé mhí. Rinne Infineon gearán chuig an Ombudsman nár fhág an mhoill sin ach seachtain amháin aici tasc casta a chríochnú le hanailís a dhéanamh ar an ríomhphost maidir lena údaracht. Ní raibh an tOmbudsman sásta le míniú an Choimisiúin, agus cháin sí iompraíocht an Choimisiúin .

Infineon's access to rival's email in smart card chips #cartel probe: @EUombudsman criticises @EU_Commission delay http://t.co/CREWyfNPiN
— A&O Antitrust Group (@AllenOveryComp) November 19, 2014 Rochtain Infineon ar ríomhphost céile comhraic i bhfiosrúchán faoi chairtéal sliseanna cárta cliste: Cáineann an tOmbudsman Eorpach moill an gCoimisiúin Eorpaigh.

Caibidil 3 - Cá mhéad gearán?

Caibidil 4 - In aghaidh cé?

Caibidil 5 - Céard faoi?

Caibidil 6 - Torthaí a baineadh amach

Caibidil 7 - An dóigh a láimhseálaimid cásanna

Déantar foráil sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU) agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha AE maidir leis an gceart chun gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach. Tugann an TFEU an chumhacht don Ombudsman glacadh le gearáin ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát de chuid an Aontais.

Cinntíonn an tOmbudsman go bhfuil an tseirbhís ghearáin saor in aisce cóir, trédhearcach agus chomh simplí agus is féidir. Is féidir le gearánaithe a ngearán a chur chuig an Ombudsman trí chineál ar bith comhfhreagrais scríofa, lena n-áirítear trí fhoirm ghearáin shlán ar láithreán gréasáin an Ombudsman. Iarrann an tOmbudsman céadfhreagra tapa a thabhairt trína chur in iúl do ghearánaithe céard a dhéanfaidh sí, laistigh de cheithre seachtaine.

Scrúdaíonn an tOmbudsman gach gearán ar a thuillteanais féin. Áirítear leis sin gearáin a chaitheann sí a dhiúltú mar go bhfuil siad taobh amuigh dá sainchúram. Nuair a tharlaíonn sé seo, faigheann na gearánaithe freagra aonair, ina mbíonn comhairle de ghnáth maidir le comhlachtaí eile a bheadh in ann cuidiú leis an ngearánaí. Féadfaidh an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh an gearán a aistriú chuig na comhlachtaí eile sin.

Láimhseálann an fhoireann dlí speisialaithe i dtosach gearáin atá laistigh de shainchúram an

Ombudsman. Sanntar láimhseálaí cáis ar leith do gach gearán mar dhuine teagmhála.

I gcás nach sásaíonn gearán nua na critéir inghlacthachta, nó nach leor na fothaí chun gearán a oscailt, míníonn an tOmbudsman a cinneadh agus tugann sí comhairle nuair is féidir agus más cuí.

Nuair a shocraíonn an tOmbudsman fiosrúchán a oscailt, déanann sí mionscrúdú cúramach ar chasaoidí an ghearáin, lena chinneadh an bhféadfaí iad a réiteach trí nós imeachta simplithe, amhail fiosrúchán teileafóin. Féadfaidh sí socrú fiosrúchán scrúdaithe a oscailt le mearscrúdú na gcomhad agus cinneadh prapúil comhchosúil ar thuillteanais an cháis.

Tá fiosrúcháin lánscála riachtanach nuair a bhíonn gearán casta ann, nó nuair is léir go n-éilítear ionchur seirbhísí éagsúla speisialaithe na hinstitiúide lena mbaineann.

Tá roinnt roghanna ar fáil ag an Ombudsman, má chinneann sí i bhfabhar an ghearánaí. Féadfaidh sí réiteach cairdiúil a mholadh, a shásóidh an gearánaí, nó dréachtmholadh a eisiúint ina n-iarrann sí ar an institiúid an drochriarachán a cheartú. Murar féidir réiteach a fháil, féadfaidh an tOmbudsman ráiteas cainte a eisiúint. Bíonn sé de chumhacht ag an Ombudsman freisin fiosrúcháin a oscailt ar a tionscnamh féin. Trí leas a bhaint as an gcumhacht sin, féadann an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna córasacha dealraitheacha in institiúidí AE. Ina theannta sin, féadann sí leas a bhaint as an gcumhacht sin le himscrúdú a dhéanamh ar chás féideartha drochriaracháin arna chur ar a haire ag daoine lasmuigh den Aontas Eorpach. Gach bliain, faigheann an tOmbudsman Eorpach na mílte gearán ó shaoránaigh, ENRanna, gnóthais agus eagraíochtaí eile. Cinntíonn foireann an Ombudsman go láimhseáiltear gach gearán go tapa, go dícheallach, agus ar bhealach dírithe ar sheirbhís.

Caibidil 8 - Comhlíonadh mholtaí an Ombudsman

Gach bliain, foilsíonn an tOmbudsman cur síos cuimsitheach ar an gcaoi a bhfreagraíonn institiúidí AE do mholtaí an Ombudsman chun riarachán AE a fheabhsú. Is réitithe cairdiúla, dréachtmholtaí, nótaí breise, ráiteas cainte agus moltaí iad foirm na moltaí sin.

Go dtí seo, tá na hinstitiúidí ag comhlíonadh le 80% de mholtaí an Ombudsman. I gceithre cinn as cúig chás, leanann na hinstitiúidí leis an moladh a iarrann an tOmbudsman orthu. Dearbhaítear an treocht sin sa tuairisc Putting it Right? – How the EU institutions responded to the Ombudsman in 2013 (An Réiteach a Fháil? – An chaoi ar fhreagair institiúidí AE don Ombudsman in 2013). Mar a léirítear sa tuairisc, is féidir éagsúlacht suntasach a fheiceáil ó institiúid amháin go ceann eile — ó 100% i roinnt cásanna, go 25% sa chás is measa. Is é sa Choimisiún, i bhfianaise i méide i riarachán AE, an céatadán is mó imscrúduithe a ndéanann an tOmbudsman air. In 2013, thit an ráta comhlíonta aige go 73%, ó 84% in 2012.

Léirítear sa tuairisc go ndearna na hinstitiúidí feabhsuithe i réimsí lena n-áirítear eitice, an

comhshaol, tairiscintí, trédhearcacht agus leasa na saoránach. Tá an tOmbudsman tiomanta lena chinntiú, i gcomhar le hinstitiúidí AE, go méadófar an ráta comhlíonta tuilleadh fiú.

Beidh an tuairisc don bhliain 2014 ar fáil i bhfómhar 2015.

Caibidil 9 - Caidreamh le hInstitiúidí an Aontais Eorpaigh

9.1. Parlaimint na hEorpa

Is an-tábhachtach leis an Ombudsman Eorpach caidreamh le Pharlaimint na hEorpa . Le linn 2014, bhuail an tOmbudsman le breis agus 50 FPE thar na príomhghrúpaí ar bhonn duine le duine le ceisteanna cúraim frithpháirteacha a phlé. Ina theannta sin, bhuail sí le toscaireachtaí polaitíochta agus náisiúnta, amhail toscaireachtaí as an gCoiste um Achainíocha de chuid Pharlaimint na hEorpa . Bhí sí i láthair os comhair an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, Ceartas agus Gnóthaí Baile, an Choiste um Rialú Buiséadach, an Fhochoiste um Chearta Daonna agus an Choiste um Achainíocha.

9.2. An Coiste um Achainíocha

Bhí dlúthchaidreamh oibre ag an Ombudsman leis an gCoiste um Achainíocha, le cuidiú le hAE freagairt ar bhealach is fearr agus is féidir d'ábhair chúraim na saoránach agus na gcónaitheoirí. De bhrí go bpléann an tOmbudsman le gearáin in aghaidh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE, pléann an Coiste um Achainíocha le hachainíocha i dtaca le réimsí gníomhaíochta AE ar fud na hEorpa. In 2014, bhí an tOmbudsman ag obair i gcomhar leis an gCathaoirleach nua, Cecilia Wikström, FPE, agus le gach grúpa polaitíochta, le cuidiú le hAE éirí níos dírithe ar sheirbhísí agus níos inrochtana ag gnáthshaoránaigh agus gnáthchónaitheoirí na hEorpa.

#Transparency , efficiency, EUinstitutions legitimacy: "The strength of @EUombudsman depends on relationship with @Europarl_EN @EP_Petitions "
— Beatriz Becerra (@beatrizbecerrab) December 2, 2014 Trédhearcacht, éifeachtúlacht dlisteanach institiúidí AE: "Tá cumhacht an Ombudsman Eorpaigh ag brath ar chaidreamh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste um Achainíocha."

9.3. An Coimisiún Eorpach

Tá caidreamh an Ombudsman leis an gCoimisiún Eorpach tábhachtach, i bhfianaise a mhéide i riarachán AE agus go mbaineann an líon is mó gearán leis. Mhol sí an Coimisiún nua as na hiarrachtaí le trédhearcacht a chuid oibre a fheabhsú, go háirithe i gcomhthéacs trédhearcachta sa bhrústocaireacht. Tá tógáil chaidrimh ar cheann de thosaíochtaí an Ombudsman ag gach leibhéal an Choimisiúin. Le linn 2014, bhuail an tOmbudsman le roinnt Stiúrthóirí ábhartha agus Ceannasaithe Aonad an Choimisiúin. Lean na cruinnithe reatha gach mí ag leibhéal stiúrthóra i rith na bliana freisin. Tá an tOmbudsman ag súil le cruinnithe le hUachtarán an Choimisiúin nua go luath in 2015.

9.4. Institiúidí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais Eorpaigh

Féadfaidh cultúir institiúideacha agus riaracháin bheith éagsúil thar institiúidí agus gníomhaireachtaí AE, agus tá sé tábhachtach go ndéantar caidrimh oibre a fhorbairt agus a chothú idir iad féin agus an tOmbudsman. In 2014, bhuail an tOmbudsman leis an bPríomhoifigeach Oibriúcháin sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí , le Maoirseoir Eorpach Cosanta Sonraí , le hUachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh , le Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha , agus le hUachtarán Bhanc Infheistíochta na hEorpa, i measc eile. Baineann an tOmbudsman úsáid as na cruinnithe sin le dul chun cinn a dhéanamh ar a spriocanna straitéiseacha le hábharthacht, tionchar agus infheictheacht a mhéadú, agus freisin lena áirithiú go gcomhlíonann institiúidí agus gníomhaireachtaí éagsúla AE caighdeán óir an riaracháin phoiblí.

9.5. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas

Comhoibríonn an tOmbudsman Eorpach le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiún Aontaithe , go háirithe i réimse chearta an duine, faoi Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas . Tháinig creat AE an Choinbhinsiúin i bhfeidhm in Eanáir 2011. Déanann an tOmbudsman cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a chosaint, a chur chun cinn agus a mhonatóiriú ag leibhéal na n-institiúidí AE, in éineacht le Parlaimint na hEorpa , Coimisiún na hEorpa , an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha , agus an Fóram Eorpach maidir le Míchumas . Bhuail creat AE le chéile uair amháin in 2014 agus d’eagraigh tionól le comhlachtaí monatóireachta ó na Ballstáit. Ó bhí Márta ann, tá oifigeach náisiúnta ar iasacht chun tacaíochta a thabhairt agus chun foireann an Ombudsman a threisiú i gcúrsaí míchumais.

Éilítear ar institiúidí AE a áirithiú: go bhfuil a gcuid seirbhísí inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, go mbíonn rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar fhaisnéis ó, agus go bhfuil modh cumarsáide acu leis na hinstitiúidí; tá timpeallacht oibre institiúidí AE ar oscailt, cuimsitheach, agus inrochtana ag daoine faoi mhíchumas; agus gur féidir le daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach go héifeachtach agus go hiomlán sa saol polaitiúil agus poiblí.

In 2014, phléigh an tOmbudsman le gearán go bhfuil an tairseach gréasáin Europass CV dorochtana ag daoine lagamhairc. Feidhmíonn an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna an tairseach agus tá plean gníomhaíochta ar bun aige anois le hinrochtana ar an tairseach a fheabhsú. Chuir an tOmbudsman fáilte roimh an mbeart sin, agus leanfaidh le monatóireacht ar an gcás. Sheol sí closleagan dá cinneadh chuig an ngearánach, agus d'fhoilsigh ar a láithreán gréasáin é.

Lena háirithiú gur féidir le daoine lagamhairc agus eile doiciméid a rochtain ar a láithreán gréasáin féin, d'fhorbair an tOmbudsman clár doiciméad poiblí in 2014. Leag sí béim ar chumarsáid a dhéanamh i ngnáth-theanga agus cinntí a chur ar fáil i gcló mór nó i gclosleagain.

Caibidil 10 - Caidreamh le líonraí

Gearáin a cuireadh ar aghaidh chuig institiúidí agus comhlachtaí eile; Mhol an tOmbudsman Eorpach do ghearánaithe teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile in 2014.

Comhoibríonn an tOmbudsman Eorpach i gcomhar le líonraí éagsúla lena áirithiú go bpléitear gearáin saoránach maidir le saincheisteanna dlí AE go pras éifeachtach.

Téann a lán gearánach i dteagmháil leis an Ombudsman nuair a bhíonn deacrachtaí acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Bíonn na gearáin sin taobh amuigh de shainordú an Ombudsman agus go minic baineann siad le sáruithe líomhnaithe dhlí AE ag Ballstáit. Is iondúil go mbíonn ombudsmain náisiúnta nó réigiúnacha, atá ina mbaill de Líonra Eorpach na nOmbudsman ar na daoine is fearr le cásanna den sórt seo a láimhseáil. Tá Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa ina bhall iomlán den líonra freisin. Is é ceann de chuspóirí an líonra aistriú gasta gearán a éascú chuig an mball inniúil den líonra, cibé acu an ombudsman náisiúnta nó réigiúnach, comhlacht comhchosúil, nó Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa atá i gceist

Tá beagnach 100 oifig i 36 thír Eorpacha sa líonra faoi láthair. Áirítear leis na hombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha agus comhlachtaí comhchosúla de chuid Bhallstáit AE, na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht in AE, agus tíortha eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus/nó i Limistéar Schengen, mar aon leis an Ombudsman Eorpach agus Coiste na Parlaiminte um Achainíocha.

Is meicníocht úsáideach é an Líonra chun faisnéis faoi dhlí AE agus faoi dhea chleachtas a mhalartú trí sheimineáir, trí nuachtlitir leathbhliantúil (ráitheachán leictreonach anois), agus trí fhóram Eislín le haghaidh plé agus comhroinnt doiciméad.

In 2014, bhí na díospóireachtaí láraithe go príomha ar ról na nOmbudsman i ngearán ó fhoireann mhíleata a imscrúdú; agraí dlí a thugann saoránaigh in aghaidh institiúidí ombudsman, i gcás nach raibh siad sásta le freagairt na n-institiúidí sin dá gcuid gearán; agus oideachas dátheangach do leanaí as mionlaigh náisiúnta.

Thanks @EUombudsman for a fantastic Liaison Seminar for the European Network of Ombudsmen. Was great to take part & represent @PHSOmbudsman
— Alison Moulds (@alison_moulds) April 29, 2014 Buíochas leis an Ombudsman Eorpach as Seimineár Idirchaidrimh thar barr do Líonra Eorpach na nOmbudsman. Bhí sé go hiontach a bheith páirteach agus ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an Ombudsman Parlaimintigh agus Seirbhíse Sláinte.

Reáchtáladh dhá sheimineár le linn na bliana. I Meitheamh chomheagraigh an tOmbudsman Eorpach agus an tOmbudsman um Sheirbhísí Poiblí don Bhreatain Bheag (RA) Naoú Seimineár Réigiúnach an Líonra . Bhí sé ar siúl i gCaerdydd agus pléadh: “Ombudsmain agus coistí um achainíocha: guthanna na ndaoine gan ghuth”. Rinneadh breathnú is mó ar: cearta na ndaoine óga a chur chun cinn; daonra atá ag dul anonn in aois; daoine faoi mhíchumas; agus an ceart cúraim sláinte agus sóisialta ardcháilíochta. D’eagraigh an tOmbudsman Naoú Seimineár Idirchaidrimh an Líonra in Strasbourg dhá mhí roimhe sin. Rinneadh breathnú ann ar dhóigheanna le seirbhísí a sholáthraíonn oifig an Ombudsman Eorpaigh don Líonra a fheabhsú; an chaoi le hinfheictheacht, tionchar, agus ábharthacht an Líonra a mhéadú; ról ag na meáin shóisialta in infheictheacht an Líonra a mhéadú; ról an Ombudsman mar chaomhnóirí trédhearcachta agus rochtana ar fhaisnéis.

I gcásanna áirithe, féadann an tOmbudsman a mheas go bhfuil sé feiliúnach an gearán a aistriú chuig an gCoimisiún Eorpach , chuig SOLVIT nó chuig “An Eoraip Agatsa – Comhairle” . Líonra is ea SOLVIT a bhunaigh an Coimisiún d’fhonn cabhrú le daoine a mbíonn constaicí le sárú acu agus iad ag iarraidh a gcearta a chur i bhfeidhm i margadh inmheánach an Aontais. Is líonra eile é atá ar fud na hEorpa “An Eoraip Agatsa — Comhairle” a chuir an Coimisiún ar bun d’fhonn saoránaigh a chur ar an eolas faoin saol, faoin obair agus faoi thaisteal in AE. Sula n-aistrítear gearán nó sula dtugtar comhairle don ghearánach, déanann seirbhísí an Ombudsman gach iarracht a mheas cén oifig eile a bheadh in ann an chabhair is fearr a sholáthar dó.

Tá tuilleadh faisnéise i bhfoilseachán an Ombudsman Fadhbanna leis an AE? Cé a chabhróidh leat? maidir le modhanna malartacha sásaimh.

Caibidil 11 - Acmhainní

11.1. An buiséad

Rannán neamhspleách de bhuiséad AE is ea buiséad an Ombudsman. Tá sé roinnte ina thrí theideal. Cuimsítear faoi theideal 1 tuarastail, liúntais agus caiteachas eile a bhaineann leis an bhfoireann. Clúdaítear faoi theideal 2 foirgnimh, troscán, trealamh agus caiteachas oibríochta ilchineálach. Cuimsítear faoi theideal 3 an caiteachas a éiríonn as feidhmeanna ginearálta a chomhlíonann an institiúid. In 2014, ba é EUR 9 857 002 suim na leithreasaí buiséid.

D'fhonn bainistíocht éifeachtach acmhainní a áirithiú, déanann iniúchóir inmheánach an Ombudsman, Robert Galvin, córais rialaithe inmheánacha na hinstitiúide agus na hoibríochtaí airgeadais a dhéanann an oifig seo a sheiceáil ar bhonn rialta. Mar is amhlaidh le hinstitiúidí eile de chuid AE, déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh ar institiúid an Ombudsman chomh maith.

11.2. Úsáid acmhainní

Gach uile bhliain, glacann an tOmbudsman Plean Bainistíochta Bliantúil (AMP) gach bliain, ina ndéantar na gníomhaíochtaí diongbháilte a shainaithint, gníomhaíochtaí nach foláir don oifig a dhéanamh chun cuspóirí agus tosaíochtaí na hinstitiúide a chur chun feidhme. Bhí an AMP don bhliain 2014 an ceann deireanach le bunú ar Straitéis i gcomhar shainordú 2009-2014 .

11.3. An fhoireann taobh thiar den Ombudsman

Tá foireann ardcháilithe, ilteangach san institiúid. Áirítear leis sin go bhfuil an oifig in ann plé le gearáin maidir le drochriarachán trí mheán 24 theanga oifigiúla AE agus feasacht ar shaothar an Ombudsman a spreagadh. In 2014, bhí 67 bpost i bplean bunaíochta an Ombudsman Eorpaigh.

Tá liosta iomlán de na baill foirne a nuashonraítear go rialta, lena n-áirítear mionfhaisnéis faoi struchtúr oifig an Ombudsman agus faoi na tascanna ag gach rannóg, ar fáil ar láithreán gréasáin an Ombudsman (www.ombudsman.europa.eu) i 24 theanga oifigiúla AE.

Buailimid le foireann an Ombudsman Eorpaigh. http://europa.eu/!Vj83ph

Conas dul i dteagmháil leis an Ombudsman Eorpach

Trí phost

An tOmbudsman Eorpach 1 avenue du Président Robert Schuman CS 30403 F-67001 Strasbourg Cedex

Ar an nguthán

+33 (0)3 88 17 23 13

Trí fhacs

+33 (0)3 88 17 90 62

Trí ríomhphost

eo@ombudsman.europa.eu

Ar líne
- Láithreán gréasáin: www.ombudsman.europa.eu
- Twitter: twitter.com/EUombudsman
- Google+: plus.google.com/101520878267293271723
- LinkedIn: www.linkedin.com/company/272026
- YouTube: www.youtube.com/eotubes

Tabhair cuairt orainn

Más main leat cuairt a thabhairt ar oifigí an Ombudsman Eorpaigh sa Bhruiséil nó in Strasbourg, téigh i dteagmháil linn roimh ré.